# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

---

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---

DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH MAIDIN, 9:30 – 12:00


Freagair **Ceist 1**, **Roinn A** agus **Roinn B**, agus **trí** cheist ar bith eile.

**Ceist 1.** **(65 marc)**

**ROINN A – 30 marc**

Freagair **sé cinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:


**(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn alúmanam tanaí á dhruileáil.



**(b)** Ainmnigh an cóimhiotal a dhéantar as luaidhe agus stán.

**(c)** Luaigh ábhar atá ina inslitheoir maith leictreachais.

**(d)** Ainmnigh an córas tiomána a thaispeántar agus mol feidhm **amháin** don chóras seo.



**(e)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil *pleanáil* riachtanach in obair thionscadail.

**(f)** Déan cur síos ar **dhá** shlí a mbaintear úsáid as an ríomhtheicneolaíocht sa phróiseas déantúsaíochta.

**(g)** Ainmnigh cineál **amháin** snáithchrutha agus mol feidhm oiriúnach don snáithchruth a ainmníodh.

**(h)** Luaigh **dhá** chúis a n-úsáidtear *sreabháin ghearrtha* nuair a bhíonn meaisíniú ar siúl.



**ROINN B – 35 marc**

Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe oibriúcháin **ceann ar bith** acu seo a leanas:



Meicníocht péiste is rotha



Cúlstoc



Meaisín folúsfhoirmithe.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Ladrann, Crua-earraí, Víreas, Ardghléine (HD).

**(k)** Sainmhínigh an téarma *intuargainteacht* agus ainmnigh ábhar intuargainte.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Fórsa teanntachta, Druilire leacaithe, Seoltóir teirmeach, Painéal gréine.


**(m)** Ainmnigh an chomhpháirt de mheaisín a thaispeántar agus mínigh an fheidhm atá aige.



**Ceist 2.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh ábhar oiriúnach do **gach ceann** de na páirteanna lipéadaithe den bhugaí tríothach thall.

**(ii)** Luaigh cúis **amháin** ar roghnaigh tú **gach** ábhar ar leith.




**(b)** I gcás **gach ceann** de na miotail ar an liosta thíos, ainmnigh foirnéis oiriúnach a úsáidtear chun an miotal sin á dhéanamh:

**(i)** Cruach **(ii)** Muciarann **(iii)** Iarann teilgthe.

**(c)** Agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, déan cur síos ar oibríocht **ceann amháin** de na foirnéisí a d'ainmnigh tú in **2(b)** thuas.

**(d)** Ainmnigh **dhá** mhiotal fheiriúla agus **dhá** mhiotal neamhfheiriúla.

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Maidir le airíonna miotal, mínigh an difríocht idir cruachan agus ainéaladh.

**(ii)** Déan cur síos ar an gcaoi a ndéantar **gach ceann** de na próisis teaschóireála a leanas:

Cruachan, Ainéaladh.

**(b)** I gcás **gach ceann** díobh seo a leanas, roghnaigh an *príomh* próiseas teaschóireála a bhíonn riachtanach nuair a bhíonn sé á mhonarú:





**(i)** Scríobaire **(ii)** Mias chopair **(iii)** Bior scriúire.


**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn *fuartháin* á n-úsáid le linn teaschóireála.

**(d)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na hairíonna ábhair a leanas:

**(i)** Brisce **(ii)** Insínteacht **(iii)** Righneas.

**NÓ**

**(d)** Luaigh **dhá** fheidhm atá ag comhbhrúiteoir sa tionsclaíocht.



**Ceist 4.** **(45 marc)**

**(a)** Déan cur síos ar **gach ceann** de na lasracha ocsaicéitiléine seo a leanas:

**(i)** Lasair neodrach
**(ii)** Lasair ocsaídiúcháin
**(iii)** Lasair charbrúcháin.



**(b)** **(i)** Luaigh an fheidhm atá ag **trí cinn ar bith** acu seo a leanas le linn stuatháthú miotail de láimh:

Leictreoid, Masc táthúcháin, Stua, Gineadóir.



**(ii)** Liostaigh **trí** chéim nach mór a leanúint chun a bheith cinnte go bhfaighidh tú alt ardchaighdeáin nuair a bhíonn stuatháthú miotail de láimh ar siúl.

**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:



**(i)** Ainmnigh an cineál cnó a thaispeántar agus mol feidhm oiriúnach dó.

**(ii)** Cén fáth a mbíonn flosc neamhghníomhach ag teastáil nuair a bhíonn ciorcaid leictreacha á sádráil?

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le spot-táthú a úsáid chun miotail a nascadh le chéile.


**(iv)** Cad é an difríocht idir alt buan agus alt sealadach?

**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn trealamh le haghaidh táthú ocsaicéitiléine á úsáid.



**Ceist 5.** **(45 marc)**

**(a)**



**A** **B** **C**

**(i)** Ainmnigh na **trí** phróiseas déantúsaíochta plaisteach a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C** thuas.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar **cheann amháin** de na próisis déantúsaíochta a d'ainmnigh tú in **5(a)(i)** agus luaigh comhpháirt **amháin** a dhéantar leis an bpróiseas seo.

**(b)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh agus teas á úsáid chun plaistigh a fhoirmiú.

**(c)** Ainmnigh plaisteach oiriúnach chun **gach ceann** de na comhpháirteanna a thaispeántar thíos a dhéanamh:



**(i)** Buidéal uisce plaisteach



**(ii)** Cásáil plocóide.


**(d)** **(i)** Cé acu is oiriúnaí le haghaidh athchúrsála, teirmeaplaisteach nó plaisteach teirmithéachtach?

**(ii)** Tabhair cúis **amháin** le do rogha in **5(d)(i)** thuas.

**Ceist 6.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na hoibríochtaí deile a thaispeántar.

**(i)** **(ii)** **(iii)** **(iv)**



**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** acu seo a leanas de réir mar a bhaineann le meaisíniú:

**(i)** Crágán ceithre giall **(ii)** Uillinn scóipe **(iii)** Treoirpholl **(iv)** Slisirníneach.

**(c)** Taispeántar uirlis mheaisínithe le haghaidh deil láir.




**(i)** Ainmnigh an próiseas ina n-úsáidtear an uirlis mheaisínithe seo.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** rud nach mór a chur san áireamh nuair a bhíonn an uirlis mheaisínithe seo á socrú.

**(iii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn an uirlis mheaisínithe a thaispeántar á húsáid.

**NÓ**

**(c)** Luaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le deil a oibriú faoi ríomhrialú uimhriúil (CNC) in ionad í a oibriú faoi rialú láimhe.


**Ceist 7.** **(45 marc)**

**(a)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí a leanas maidir le teorainneacha agus oiriúintí:

**(i)** Glanoiriúint **(ii)** Teorainn uachtair **(iii)** Leathoiriúint.

**(b)** Déantar seafta cruach a mheaisíniú de réir na dtoisí a thaispeántar.

Luaigh:
- **(i)** Trastomhas ainmniúil an tseafta;
- **(ii)** Íos-trastomhas an tseafta;
- **(iii)** Uas-trastomhas an tseafta;
- **(iv)** Lamháltas an tseafta.




**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na hionstraimí a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá ag **gach** ionstraim a ainmnítear.


**(i)**


**(ii)**


**(iii)**


**(iv)**

**NÓ**

**(c)** Ainmnigh **gach ceann** de na comhpháirteanna leictreonacha a thaispeántar thíos agus tabhair breac-chuntas ar fheidhm **gach** comhpháirte a ainmnítear.


**(i)**



**(ii)**


**(iii)**

# Leathanach Bán

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit
State Examinations Commission

**LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2016**

**ENGINEERING - PRACTICAL**
**HIGHER and ORDINARY LEVELS**

**150 marks**

**3rd May - 13th MAY - MORNING: 10:00 to 1:00**
**AFTERNOON: 2:00 to 5:00**

**PLEASE READ CAREFULLY**

**INSTRUCTIONS**

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the drawing 2016. M74A($L_2$). If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Completed **mild steel** parts **only** must be sprayed with a clear rust preventive aerosol.

From the materials supplied, make the **Clamp** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 4 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 5 | Aluminium | Mark out, drill, tap and shape. |
| 6 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 8 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 2, 3 and 7 have been made prior to examination day. Part 5 has been part-prepared. Using the screws, nut and washer supplied assemble the Clamp, as detailed on the assembly drawing.

**(ii)** **Accuracy, finish and function are important.**

**Coimisíun na Scrúdaithe Stáit**

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016**

**INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL**
**ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL**

**150 marc**

**3 BEALTAINE - 13 BEALTAINE - MAIDIN: 10:00 go dtí 1:00**
**TRÁTHNÓNA: 2:00 go dtí 5:00**

**LÉIGH NA TREORACHA SEO GO CÚRAMACH IAD LE DO THOIL**

**TREORACHA**

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a ghreanadh nó a scríobadh san ionad a thaispeántar ar an líníocht 2016. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl sé de chead ag iarrthóirí caidreamh a bheith acu lena chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Ní mór sprae trédhearcadh aersol chun meirg a chosc a chur ar na páirteanna déanta as **cruach bhog amháin** agus iad críochnaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, an **Clampa** a thaispeántar sna líníochtaí a dhéanamh sa chruth agus de réir na dtoisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 4 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 5 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 6 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 8 | Polacharbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh páirteanna 1, 2, 3 agus 7 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 5 páirtdéanta. Ag baint úsáide as na scriúnna, an cnó agus an leicneán a sholáthraítear, cóimeáil an Clampa faoi mar atá sa líníocht cóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú.**


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL 2016. M74A(L1)
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

THALL
OVER →


(1)





(2)





(3)





(4) 2 De dhíth / OFF





(5)





(6) 2 De dhíth / OFF





(7) 2 De dhíth / OFF




(8)






Nóta: Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.
Note: Hand up this examination paper to the Superintendent at the end of the examination.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2016. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

## SONRAÍ CÓIMEÁLA
## ASSEMBLY DETAILS




Nóta: Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Note: Hand up this examination paper to the Superintendent at the end of the examination.